

## Imirce: Caithfear beartas um fhilleadh a chur i bhfeidhm mar is ceart

Tá feisirí ag iarraidh go dtabharfar cosaint do chearta bunúsacha agus túis áite d'aisdúichiú deonach faoi bhearta imirce AE. Tuilleadh eolais sna graifící fainéise thíos.


Tá [bearnaí agus easnaimh](#) i mbeartas an Aontais um fhilleadh na n-imirceach, dar le feisirí i rún maidir le cur chun feidhme na [Treorach um Fhilleadh](#), a leagann comhrialacha maidir le náisiúnaigh tríú-tír nach bhfuil de cheart acu fanacht in AE. Glacadh an rún an 16 Nollaig 2020.

*Tuilleadh maidir le beartas imirce AE*

# IMIRCIGH A CHUR AR AIS: FÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ

## TRASNÚ TEORANN NEAMHDHLEATHACH (2020)

**125,226** Trasnú teorainneacha neamhdhleathacha



Na trí náisiúntachtaí is mó a théann thar theorainneacha go mídhleathach

An Siria 21,581

Maracó 17,121

An Ailgéir 13,247

### Bealaí imircí

- 1 An Afraic Thiar
- 2 An Mheánmhuir Thiar
- 3 An Mheánmhuir Láir
- 4 Na Balcáin Thiar
- 5 An Cuarbhealach theas ó Albán go dtí an Ghréig
- 6 An Mheánmhuir Thoir
- 7 Teorainneacha Talún Thoir

**557,455**

Duine ag fanacht san AE go neamhdhleathach

▼ 73% níos lú

ná mar a bhíodh le linn ghéarchéim na ndídeanaithe i 2015



Foinsí:

Frontex (Tuarascáil 'Risk analysis for 2021') agus Eurostat (Migr\_Eipre)



Firicí agus figiúirí maidir le himircigh a chur ar ais

## Beartas éifeachtach a chur chun cinn


Sa bhlian 2020, diúltáidh cead isteach chun an AE do **137,840 duine**, agus is iad na príomhchuisseanna le sin ná: tagann daoine gan na cáipéisí oiriúnacha acu chun údar a thabhairt le cuspóir an thurais (41%), meastar gur bagairt iad (18%) nó ní bhíonn víosa baillí nó

cead cónaithe acu (9%).

In 2020, chuir tíortha AE 396,400 oibleagáid chun na críche a fhágáil. Mar sin féin, cuireadh níos lú ná an ceathrar cuid d'imircigh ar ais chuig thír lasmuigh den AE ar bhonn éifeachteach. Dar le feisirí, d'fheadfadh spriocamanna dochta agus toirmisc taisitil cosc iomlán a chur le haisdúichiú. D'iarr siad ar thíortha AE sprioc-dhátaí oriúnacha a chur i gcoin ar dhaoine a chuireadh toirmeasc taistil orthu de réir an chás

Dúirt [Tineke Strik](#) (An Grúpa Glas/Grúpa na Saor-Comhghuallíochta Eorpaí, an Ísiltír), an feisire atá freagrach as an ábhar, nár chóir beartas éifeachtach um fhilleadh a bhunú ar an ráta fillte amháin, ach gur chóir cinniúint na ndaoine tar éis dóibh an tríú thír a bhaint amach a chur san áireamh.

Ba iad náisiúntachtaí na n-imearcach a chaitheadh amach is mó ná an Ailgéir, Maracó, an Albáin, an Úcráin agus an Phacastáin.



Firicí agus figiúirí maidir le daoine a dhiúltáodh cead isteach dóibh


## Tús áite d'aisdúichiú deonach

Baineann aisdúichiú deonach le deonú tréimhse ina mbíonn deis ag an fhillí dul ar ais chuig an tríú tir as a stuaim féin. Dar le Frontex, rinneadh 59% d'aisdúichiú ar bhonn deonach in 2020.

Bíodh sé mar atá, is minic a ghoorraíonn nó a dhiúltaíonn ballstáit áirithe an tréimhse fhorordaithe le himeacht deonach, mar shampla má tá an t-imirceach faoi choinneáil nó má tá an baol ann go n-éalódh sé.

Éilíonn feisirí go ndéanfadh ballstáit infheistíocht i gcláir um fhilleadh deonach cuidithe, rud a bhí freagrach as 27.5% d'aisdúichiú in 2020, agus túis áite a thabhairt d'aisdúichiú deonach toisc gur fusa iad a eagrú, i gcomhar le tíortha chinn scríbe, ar bhonn inbhuanaithe. I measc na bhfadhbanna praiticiúla a bhaineann le próiseas an aisdúichithe ná na imircigh a aithint agus na cáipéisí oriúnacha a fháil ó údaráis tríu tíortha.

Dar le feisirí, níor chóir mionaoisigh neamhthionlactha a chur ar ais mura féidir cothú gur chun a leasa é.



Firicí agus figiúirí maidir le haisdúichiú deonach

## Cearта bunúsacha a chosaint

Leagann feisirí béim ar a thábhachtaí atá sé cearta bunúsacha a chosaint agus cloí le coimircí níos imeachta agus reachtaíocht AE maidir le aisdúichiú a chur i bhfeidhm. Éilíonn siad go

dtabharfadh na ballstáit go leor ama chun cinneadh um fhilleadh a achomharc, chomh maith le cúnamh dlíthiúil agus ateangairí a chur ar fáil saor in aisce.

**Ghlac feisirí le rún i mí Bealtaine 2021** ina ndéanann siad cáineadh ar shocruithe neamhfhoirmiúla le tríú tíortha, amhail an Tuirc, an Afganastáin agus an Ghaembia, atá easnamhach ó thaobh chearta bunúsacha de.

D'íarr údar na tuairisce, Strik, ar an gCoimisiún teacht ar chomhaontuite um athligean isteach le stáit neamh-AE, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh, iomrall daonlathais a neartú agus tréadhearcacht bhrefis maidir leis an úsáid a bhaintear as maoiniú chun airgead a chur ar fáil do chomhoibriú ó thaobh na himirce de. Lag sí béim ar an ngá le fáil ar chearta a bheith ag imircigh agus dídeanaithe a chinntí freisin.

## Cúlra

Tá an tuarascáil mar fhreagairt ar [thogra 2018 an Choimisiúin maidir le hathbhreithniú ar bheartas AE um fhilleadh](#), a bhfuil de rún aige beartas um fhilleadh níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm, agus atá mar bhunchloch de [Chomhaontú nua an Choimisiúin maidir le himirce agus tearmann](#).

I [rún eile](#) maidir le tearmann a glacadh an 16 Nollaig 2020, d'éiligh feisirí tuilleadh dlúthpháirtíochta i measc na mballstát agus tuilleadh airgid do thíortha atá ar an líne thosaigh, go háirithe sa chás go dtiocfadh líon mór iarrthóirí tearmainn.

## Tuilleadh maidir le himirce san Eoraip

- Imirce agus tearmann in AE: fíricí agus figiúirí (grafaic faisnéise)
- Imirce: na bunchúiseanna atá léi
- An ghéarchéim imirce san Eoraip

### Tuilleadh eolais

An próiseas reachtach

Tearmann: Tuilleadh dlúthpháirtíochta i measc na mballstát (17 Nollaig 2020)